**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0255/2022**

21.10.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta
(COM(2022)0053) – C9-0047/2022 – 2022/0036(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Roberts Zīle



Aontaithe san éagsúlacht

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................10

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................................12

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................................13

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........14

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta**
**(COM(2022)0053) – C9-0047/2022 – 2022/0036(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0053),

– ag féachaint d'Airteagail 294(2) agus 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0047/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Bealtaine 2018[1]

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an ...[2]

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0255/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaiminte náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

---

[1] IO C 323, 26.8.2022, lch. 119.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) measúnú a dhéanamh ar na ceanglais a leagtar síos leis an Treoir seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1).*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Treoir 2003/25/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe ea

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ea) ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 90', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú leis ***na hionstraimí IMO seo a leanas:*** | (ea) ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 90', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú ***go deireanach*** le ***Rún MSC.117(74);*** |
| ***— Res.MSC.1(45);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.6(48);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.11(55);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.13(57);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.19(58);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.26(60);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.24(60);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.27(61);*** | ***scriosta*** |
| ***— Res.MSC.31(63);*** | ***scriosta*** |
| ***— SOLAS/CONF.2/21;*** | ***scriosta*** |

| | | |
|---|---|---|
| — | ***Res.MSC.42(64);*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.46(65);*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.57(67);*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.65(68);*** | ***scriosta*** |
| — | ***SOLAS/CONF.4/25;*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.69(69);*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.99(73);*** | ***scriosta*** |
| — | ***Res.MSC.117(74);*** | ***scriosta*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Treoir 2003/25/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe eb

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (eb) ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 2009', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú le Rún MSC.216(82); | (eb) ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 2009', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú ***go deireanach*** le Rún MSC.216(82); |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Treoir 2003/25/CE
Airteagal 2 – alt 1 – pointe ec

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ec) ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 2020', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú le Rún MSC.421(98);; | (ec) Ciallaíonn 'Coinbhinsiún SOLAS 2020', an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, arna leasú ***go deireanach*** le Rún MSC.421(98); |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe g**

Treoir 2003/25/CE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe n a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(na) Ciallaíonn 'cuideachta' úinéir na loinge nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge paisinéirí ó úinéir na loinge;*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**
Treoir 2003/25/CEAirteagal 13 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Cuirtear isteach an t-Airteagal seo a leanas:*** <br> ***'Airteagal 13b*** <br> ***Maolú*** <br> ***Maidir le Ballstáit nach bhfuil calafoirt acu agus nach bhfuil longa paisinéirí ná árthaí paisinéirí acu a bhfuil a mbratach ar foluain orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, féadfaidh siad maolú ar fhorálacha na Treorach chomh fada agus a chomhlíontar na ceanglais thuasluaite. Aon Bhallstát a bheartaíonn leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún maidir leis ar a dhéanaí an [Cuir isteach dáta le do thoil: dáta thrasuí na Treorach]. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin. Ní fhéadfaidh Ballstát den sórt sin a lamháil do longa paisinéirí róró a thagann faoi raon feidhme na Treorach a bhratach a bheith ar foluain acu nó ní fhéadfaidh siad a chlár náisiúnta long a oscailt don long sin go dtí go mbeidh an Treoir seo trasuite agus curtha chun feidhme ag an long sin.'*** |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Bunaítear an Treoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leibhéal aonfhoirmeach de cheanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí ró-ró lena gcuirtear feabhas ar mharthanacht an chineáil soithigh seo i gcás damáiste de dheasca imbhualadh agus lena soláthraítear ardleibhéal sábháilteachta.

Is é cuspóir ginearálta an athbhreithnithe ar reachtaíocht an AE maidir le sábháilteacht long paisinéirí an creat rialála atá ann faoi láthair a shimpliú agus a chuíchóiriú, d’fhonn (i) rialacha AE a choimeád i gcás inar gá agus inar comhréireach, (ii) a chinntiú go gcuirfear i ngníomh i gceart iad; agus (iii) deireadh a chur le forluí féideartha idir oibleagáidí agus neamhréireachtaí idir píosaí gaolmhara reachtaíochta. Is é an cuspóir uileghabhálach foráil a dhéanamh do chreat dlíthiúil atá soiléir, simplí agus cothrom le dáta a bheidh níos fusa a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh air agus a fhorfheidhmiú, rud a mhéadóidh an leibhéal foriomlán sábháilteachta.

Tá na ceanglais chobhsaíochta reatha faoi Threoir 2003/25/CE na Reachtaíochta Eorpaí bunaithe ar mheascán de choinbhinsiúin na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) agus Chomhaontú Stócólm 1996. Cruthaíodh an Comhaontú sin mar fhreagairt ar bhá tragóideach an MS Estonia in 1994, inar cailleadh 852 duine. Ag an am, cinneadh nár chomhlíon Coinbhinsiún SOLAS 90 ann féin na ceanglais chobhsaíochta agus sábháilteachta iomchuí agus riachtanacha do chaighdeáin an Aontais Eorpaigh. Ba é an toradh ná cruthú Chomhaontú Stócólm 1996.

Agus Coinbhinsiún SOLAS 2020 ag teacht i bhfeidhm agus na hathruithe a tugadh isteach leis, agus é i gcomhréim le Togra 2003/25/CE (agus go páirteach le Togra 2009/45CE) ina fhoirm reatha, cuireann sé ualach reachtaíochta agus riaracháin ar rialacháin long paisinéirí Eorpacha. I gcleachtas, éilíonn na creataí reatha go gcloífidh dearaí long le dhá chur chuige éagsúla rialála: cur chuige dóchúlaíoch SOLAS 2020 agus cur chuige cinnteachaíoch SOLAS 90 in éineacht le Comhaontú Stócólm. Mar thoradh air sin, tá sé mar aidhm ag an Togra seo na hoibleagáidí rialála a chuíchóiriú agus riachtanais chobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró san Aontas Eorpach. Chun go mbeidh éifeacht leis an simpliú, ní mór do SOLAS 2020 ceanglais SOLAS 90 a chomhlíonadh in éineacht le Comhaontú Stócólm.

Roinneann ceanglais chobhsaíochta bheartaithe na Treorach na ceanglais ar líon na ndaoine ar bord na long róró, idir níos mó ná 1350 duine agus faoi bhun 1350 duine. Chinntigh staidéar shaineolaithe an Choimisiúin nach raibh bearta cosanta leodhóthanacha ag Coinbhinsiún SOLAS 2020 faoi chaighdeáin an Aontais Eorpaigh maidir le longa paisinéirí ró-ró agus toilleadh de 1350 duine nó níos lú ar bord. Mar thoradh air sin, sholáthair staidéar an Choimisiúin féin creat breise de shonraí sábháilteachta. Shocraigh an staidéar nach líonfadh Coinbhinsiún SOLAS 2020 ann féin imeachtaí sábháilteachta leordhóthanacha do longa ró-ró atá ag oibriú i gcalafoirt na hEorpa.

Aithníonn an Rapóirtéir go bhfuil athbhreithniú tráthúil dlite ar na rialacha maidir le sábháilteacht paisinéirí ar longa ró-ró i dtogra reatha 2003/25/EC, agus admhaíonn sé an gá le hathbhreithniú agus uasdátú ar cheanglais chobhsaíochta i dtréimhsí ama arna gcomhaontú.

Dá bhrí sin, cuireann an Rapóirtéir fáilte roimh an Togra le haghaidh Treoir chun go leasófaí

na rialacha maidir le sábháilteacht long paisinéirí ró-ró a bhfuil damáiste déanta dóibh. Leagann sé béim ar na caighdeáin sábháilteachta is airde is féidir a choinneáil sa mhuiriompar. Le bá dodhearmadta MS Estonia in 1994, ar téama lárnach é chun na prótacail a threorú le haghaidh bearta sábháilteachta nithiúla, cruthaítear go bhfuil gá leis na bearta nuashonraithe a choiscfidh aon teagmhas tragóideach den sórt sin sa todhchaí.

Tuigeann an Rapóirtéir an teicniúileacht agus castacht an Togra seo agus é mar aidhm leis rialacha AE a thabhairt i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta bunaithe ag an IMO.
Cuireann sé fáilte roimh an deis a tugadh don tionscal chun na bearta molta sa Treoir seo a choigeartú, agus á áirithiú nach bhfuil cáilíocht na mbeart cosanta curtha i mbaol.

Molann an Rapóirtéir leasú teicniúil, mar aon le leasú ar mhaolú do Bhallstáit nach bhfuil aon chalafoirt acu agus nach bhfuil aon longa a bhfuil a mbratach ar foluain acu a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, chun ualach riaracháin díréireach a sheachaint do na Ballstáit sin. I gcás go n-athraíonn na cúinsí seo, ba cheart do na Ballstáit faoi seach an Treoir seo a thrasuí.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Threoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta |
| **Tagairtí** | COM(2022)0053 – C9-0047/2022 – 2022/0036(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 18.2.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Roberts Zīle<br>1.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 11.7.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Isabel García Muñoz, Elsi Katainen, Peter Lundgren, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Philippe Olivier, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Tom Berendsen, Ignazio Corrao, Angel Dzhambazki |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Andreas Schieder, Simone Schmiedtbauer, Ralf Seekatz, Ivan Štefanec, Elena Yoncheva |

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Threoir 2003/25/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais chobhsaíochta fheabhsaithe a chur léi agus í a ailíniú le ceanglais chobhsaíochta atá sainmhínithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta |
| **Tagairtí** | COM(2022)0053 – C9-0047/2022 – 2022/0036(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 18.2.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>7.3.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Roberts Zīle<br>1.4.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 11.7.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 10.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 29<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Mario Furore, Isabel García Muñoz, Elsi Katainen, Peter Lundgren, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Philippe Olivier, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Tom Berendsen, Ignazio Corrao, Angel Dzhambazki |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Andreas Schieder, Simone Schmiedtbauer, Ralf Seekatz, Ivan Štefanec, Elena Yoncheva |
| **Dáta don chur síos** | 21.10.2022 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 29 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Angel Dzhambazki, Peter Lundgren |
| ID | Philippe Olivier |
| NI | Mario Furore |
| EPP | Tom Berendsen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Simone Schmiedtbauer, Ralf Seekatz, Ivan Štefanec, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| RENEW | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Andreas Schieder, Elena Yoncheva |
| VERTS/ALE | Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: